# *Múineadh na Gaeilge (Scoil T2)*

## Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga

## Cúlra

Is Sampla é seo ó rang a ceathair i scoil meánmhéide a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá 17 bpáiste sa rang, cuid acu a labhraíonn teanga nach Béarla í sa bhaile. Tá na páistí go léir ag foghlaim na Gaeilge mar theanga bhreise. San fhíseán seo léirítear an **Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT).** In FCÁT déantar **ábhar/réimse curaclaim nach teanga é a mhúineadh trí theanga nach ionann í agus teanga an teagaisc sa scoil**. Má tá níos mó eolais uait maidir le FCÁT, is féidir leat teacht ar Ábhar Tacaíochta FCÁT anseo.

Sa Sampla seo, tá an múinteoir ag múineadh Tíreolaíochta i nGaeilge. Díríonn an fhoghlaim ábhair sa Tíreolaíocht ar chontaetha, cúigí agus aibhneacha agus ar scileanna léarscáile chomh maith le tuiscint na bpáistí ar shuíomh agus spás a fhorbairt. Díríonn an fhoghlaim teanga sa Ghaeilge ar úsáid a bhaint as réimse feidhmeanna teanga (m.sh., *eolas a thabhairt, duine a ghríosadh, caidreamh sóisialta a dhéanamh, dul i gcion ar dhaoine eile*) agus stór focal a bhaineann go dlúth le contaetha, cúigí agus aibhneacha.

Sular thug sé faoi FCÁT, chinntigh an múinteoir gur baineadh **úsáid shuntasach** as **Gaeilge mar theanga bhainistíochta** agus **Gaeilge neamhfhoirmiúil** thar **thréimhse fhada ama.** Is réamhtheachtaí riachtanach do FCÁT éifeachtach é **taithí shásúil** a fháil ar an nGaeilge agus taithí a fháil ar an n**Gaeilge a úsáid taobh amuigh de cheachtanna scoite Gaeilge**.

Tabhair faoi deara gur **Gaeilge amháin** a labhraíonn an múinteoir san fhíseán. Is **bunphrionsabal** é seo **d'fhoghlaim agus teagasc rathúil na teanga breise.**

## Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

Agus an múinteoir ag ullmhú don teagasc agus foghlaim, baineann sé leas as an ***gcur amach atá aige ar na páistí*** (m.sh. na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht), ***an t-eolas atá aige ar an gcuraclam*** (Torthaí Foghlama agus cuspóirí ábhair a roghnú, féach thíos) agus ***an t-eolas atá aige ar an oideolaíocht*** (sa chás seo, FCÁT). Agus FCÁT i gceist, is gá don mhúinteoir a chinntiú go bhforbraíonn na **páistí scileanna agus eolas nua san ábhar/réimse curaclaim nach teanga é** chomh maith le **scileanna agus inniúlachtaí** sa teanga bhreise. Moltar **tascanna idirghníomhacha** a dtéann páistí **i mbun cumarsáide lena chéile agus leis an múinteoir** lena linn. Ba cheart **an teanga** a úsáidfear sa cheacht **a shainaithint** agus **a fhiosrú sula dtugtar faoin gceacht FCÁT**. Cuireann eolas maidir leis an méid thuas bonn eolais faoi ullmhúchán an mhúinteora seo.

Áirítear le ***hullmhúchán dofheicthe*** an mhúinteora, idirghníomhuithe agus breathnuithe leanúnacha maidir le foghlaim teanga na bpáistí chomh maith leis an eolas agus scileanna atá acu a bhaineann le foghlaim na Tíreolaíochta. Agus é ag smaoineamh ar an ***ullmhúchán infheicthe*** (is é sin, an fhoghlaim agus teagasc i bhfeidhm), déanann an múinteoir machnamh ar an teanga a úsáidfear sa cheacht agus bíonn sé mar aidhm aige athrá, Gaeilge atá éasca le tuiscint, abairtí gearra, comharthaí agus tacaíochtaí amhairc a úsáid le tacú le tuiscint na bpáistí. Déanann an múinteoir machnamh freisin ar na tascanna a leagfar amach do na páistí agus cinntíonn sé go bhfuil siad **idirghníomhach** agus **comhoibríoch**. Don ***ullmhúchán*** taifeadta, tarraingíonn an múinteoir ar na Torthaí Foghlama ó **Churaclam Teanga na Bunscoile (2019)** agus ar na cuspóirí ábhair ó **Churaclam na Tíreolaíochta (1999)**. Déanann an múinteoir **doiciméadú freisin ar an teanga** a theastóidh ó na páistí le tabhairt faoin gceacht Tíreolaíocht FCÁT. Áirítear leis seo ***teanga an ábhair*** (an teanga acadúil a bhaineann



leis an topaic) agus an ***teanga tacaíochta*** (teanga níos ginearálta a theastaíonn ó pháistí agus iad ag foghlaim trí theanga bhreise). **Tugann an múinteoir an méid seo isteach i gceachtanna teanga i réimse formáidí** (*rannta, múineadh díreach, ceisteanna srl.*) agus **téann sé siar air go minic ar bhealach neamhfhoirmiúil** sula dtugtar faoin gceacht FCÁT.

### 2019 Curaclam Teanga na Bunscoile

| Snáithe | Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|---|
| Teanga ó Bhéal | **TF 5:** Stór Focal | Bainfidh na páistí úsáid as foclóir a bhaineann le haibhneacha agus sléibhte chomh maith le hainmneacha na gcontaetha chun tascanna a dhéanamh |
| Teanga ó Bhéal | **TF 6:** Léiriú tuisceana | Tabharfaidh agus leanfaidh na páistí treoracha faoi chosán aibhneacha agus faoi shuíomh sléibhte |

### Curaclam Tíreolaíochta 1999

| Snáithe | Cuspóirí ábhair |
|---|---|
| Timpeallachtaí Daonna | **Gnéithe timpeallachta nádúrtha agus daoine:** Feasacht a fhorbairt ar ghnéithe nádúrtha sa cheantar áitiúil agus i gceantar éagsúil in Éirinn |

### Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha:

Roinnt cur amach a fhorbairt ar, agus tabhairt faoi úsáid phraiticiúil a bhaint as, léarscáileanna agus grianghraif a mbaineann scálaí agus cuspóirí éagsúla leo.




## Eispéireas Foghlama 1: Dul siar ar Stór Focal

Le tús a chur leis an gceacht, **déanann an múinteoir dul siar ar stór focal a tugadh isteach roimhe seo**, ag tosú le hainmneacha na gcontaetha agus na gcúigí. Ag tabhairt faoi gach cúige ceann ar cheann, i dtosach báire **déanann na páistí aithris ar rann** maidir leis na contaetha i ngach ceann de na cúigí. Leanann **ceisteanna ón múinteoir** an méid seo. Tabhair do d'aire go mbaineann an múinteoir úsáid as **na focail agus frásaí céanna** gach uair (m.sh., *an fharraige, in aice na farraige, barr na tíre, bun na tíre, lár na tíre*) agus go léiríonn sé i **réimse foirmeacha** iad (in abairtí, sa tuiseal ainmneach, tuiseal ginideach *srl.*). Ansin bogann an múinteoir ar aghaidh go stór focal spásúlachta, a tugadh isteach sula tugadh faoin gceacht FCÁT freisin. Tugann na páistí faoi **réimse gníomhaíochtaí le cleachtadh a dhéanamh ar na frásaí éagsúla astu féin agus in abairtí** – *os cionn, in aice le, idir, faoi, timpeall.*

## Eispéireas Foghlama 2: Ag aimsiú contaetha ar an léarscáil

Tugann na páistí faoi **thasc cumarsáideach**. Míníonn an múinteoir tasc ag baint úsáid as Gaeilge atá éasca le tuiscint, athrá agus samhaltú. Oibríonn na **páistí i mbeirteanna** ansin agus **tarraingíonn siad ar agus baineann siad úsáid as an stór focal a foghlaimíodh le linn an chéad eispéireas foghlama leis an tasc a chur i gcrích**. Sa tasc seo bíonn ar pháiste amháin cur síos a dhéanamh ar shuíomh contae ar léarscáil, contae a roghnaíodh roimhe sin, agus ansin tugann an páiste eile buille faoi thuairim maidir le cén contae a d'fhéadfadh a bheith ann. *Tá an contae seo ag ____ na tíre, os cionn/in aice/faoi* _____. Nuair a aithnítear an contae ceart, molann an páiste a bhfuil na treoracha á dtabhairt aige a pháirtí (ag baint úsáid as *ceart, maith thú*, m.sh.) agus cuireann sé in iúl go bhfuil na róil le malartú (m.sh., *is leatsa an imirt anois*).

## Eispéireas Foghlama 3: Aibhneacha na hÉireann

Sa chéad eispéireas foghlama eile, déanann na páistí staidéar ar cheithre cinn de phríomhaibhneacha na hÉireann. Ar an gcéad dul síos, cruthaíonn an múinteoir **nasc leis an timpeallacht atá thart ar na páistí** – an abhainn in

aice leis an scoil. Ansin, tugann an múinteoir faoi **theagasc díreach** agus fiosraíonn sé bealach na Sionainne agus tagairt á dhéanamh aige do léarscáil mhór na hÉireann agus ainmneacha na gcontaetha á rá aige i nGaeilge. Baineann an múinteoir úsáid as na frásaí *'tosaíonn sí i _____, téann sí tríd _____ agus críochnaíonn sí i ____'* agus tacaíonn sé le tuiscint na bpáistí trí **chomharthaí**, **athrá** agus **tacaíochtaí amhairc** a úsáid. I gcás na dtrí abhainn eile, **spreagann an múinteoir na páistí** le sonraí a thabhairt maidir lena mbealaí ag baint úsáid as **na struchtúir agus frásaí céanna** (*'tosaíonn sí i _____, téann sí tríd _____ agus críochnaíonn sí i ____').*

Agus fiosrú déanta acu ar na ceithre abhainn, tugtar **tasc cumarsáideach** eile don rang. An babhta seo, oibríonn na páistí **i ngrúpaí de thriúr**, agus bíonn **ról soiléir ag gach páiste sa ghrúpa**. Téann páiste amháin chomh fada leis an léarscáil mhór agus déanann sé nóta de bhealach na habhann. Ansin tugann sé na sonraí seo do pháiste eile ag baint úsáid as na frásaí *'tosaíonn sí i _____, téann sí tríd _____ agus críochnaíonn sí i ____'* (agus frásaí eile más mian leis) agus déanann an páiste seo an bealach a mharcáil ar léarscáil bheag le holann a bhfuil dath gorm uirthi. Déanann an tríú páiste an t-eolas maidir le bealach na habhann a chomhlíonadh ar an mbileog eolais. Leis an **bhfoghlaim spraíúil** a chinntiú, bíonn an tasc seo iomaíoch agus oibríonn na páistí chomh tapa agus is féidir leo le bealach na ceithre abhainn a mharcáil agus a bhreacadh síos.



# Eispéireas Foghlama 4:
## Stór focal a aistriú go comhthéacsanna eile

Baineann an t-eispéireas deireanach foghlama leis na páistí **ag aistriú stór focal** atá in úsáid acu go **cásanna agus comhthéacsanna eile**. Sa Sampla seo, déanann na páistí staidéar ar na frásaí *tosaíonn sí* agus *críochnaíonn sí* ó thaobh imeacht aimsire de agus tugann siad faoi réimse gníomhaíochtaí ag baint úsáid as clár ama le cleachtadh a dhéanamh ar na frásaí a úsáid i gcomhthéacs eile.

# Léiriú ar an bhFoghlaim

I rith an cheachta, siúlann an múinteoir thart chun breathnú ar na páistí agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla, ag déanamh **measúnú ar an bhfoghlaim ó thaobh fhoghlaim na teanga agus na Tíreolaíochta araon**. Nuair is gá agus nuair is féidir, déanann an múinteoir **an fhoghlaim a scafláil** agus **tacaíonn sé leis na páistí an Ghaeilge a úsáid** oiread agus is féidir le linn na n-eispéireas éagsúil foghlama. Baintear úsáid as **cluiche idirghníomhach iPad** freisin le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht ó thaobh shuíomh na gcontaetha agus a n-ainmneacha as Gaeilge. Léirítear é seo san fhíseán.

# Ceisteanna Machnaimh

1. Céard a dhéanann an múinteoir leis na páistí a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid sa Sampla seo?
2. Cén chaoi a bhféadfaí roinnt gníomhaíochtaí feasachta teanga (m.sh., eolas ar an gcaoi a n-oibríonn teangacha, teangacha a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht) a thabhairt isteach san fhíseán seo?
3. Díríonn an múinteoir ar na páistí a chumasú leis na frásaí '*tosaíonn sé/sí*' and '*críochnaíonn sé/sí*' a aistriú go comhthéacsanna eile. Céard iad na focail agus frásaí eile ón bhfíseán is féidir a fhiosrú i gcomhthéacsanna eile?

Le féachaint ar an bhfíseán a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo cliceáil anseo.